Easpa foirne in Ionad Seaview

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin dóigh a bhfuil an easpa foirne in ionad cúraim ag cur isteach ar theaghlaigh i nDún na nGall**.** Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *The HSE has apologised*
- *cut back (in budget)*
- *respite services*
- *to recruit more staff*
- *learning disability*
- *autism*
- *as far back as*
- *public representatives*
- *leaving (work) / retiring*
- *staff shortage*

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth a bhfuil easpa foirne in Ionad Seaview i dTamhnach an tSalainn?

2. Cad iad na seirbhísí a chuireann an t-ionad ar fáil?

3. Cén bhliain a thosaigh na ciorruithe agus cé mhéad de chiorrú atá i gceist?

4. Cad a dúirt Pearse Doherty faoin scéal?

5. Cad a dúirt Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte ina ráiteas?

Ceist 3 '…ag an am…'

ag an, ar an, as an, chuig an, faoin, leis an, ón, roimh an, thar an, tríd an

Féach ar na pointí thíos a léiríonn na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar thús na n-ainmfhocal a leanann na réamhfhocail shimplí agus an t-alt uatha (sa bhosca thuas).

- Uraítear ainmfhocail dar tús **b**, **c**, **f**, **g**, **p** i gcanúint Chonnacht agus i gcanúint na Mumhan, e.g.

  ag an gcluiche, leis an bhFrancach

- Séimhítear ainmfhocail dar tús **b**, **c**, **f**, **g**, **m**, **p** i gcanúint Uladh, e.g.

  ar an bhord, faoin ghluaisteán

- Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar ainmfhocail dar tús **d** agus **t**, e.g.

  chuig an dochtúir, thar an teach

- Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar ainmfhocail dar tús gutaí, e.g.

  ón uisce, as an Eoraip

- Cuirtear **t** roimh ainmfhocail bhaininscneacha dar tús **s** + guta agus roimh ainmfhocail bhaininscneacha a thosaíonn le **sl-**, **sn-** agus **sr-**, e.g.

  ar an tsráid, chuig an tsaotharlann

A. Tá canúint Uladh ag Ailbhe Ó Monacháin. Conas a chuir sé na rialacha thuas i bhfeidhm ina chuid cainte? Bain amach na lúibíní agus déan cibé athrú is gá ar na hainmfhocail sna samplaí thíos:

(faoin)(ionad) _____
(ag an)(am) _____
(tríd an)(seirbhís) _____
(ar an)(ciorrú) _____
(ar an)(seirbhís) _____
(ar an)(ionad) _____
(faoin)(ciorrú) _____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agat.

B. Cad faoi na canúintí eile? Cloígh leis na samplaí céanna, bain amach na lúibíní agus déan cibé athrú is gá ar na hainmfhocail chun go mbeidh siad ag teacht le córas chanúint Chonnacht agus chanúint na Mumhan:

(faoin)(ionad) _____
(ag an)(am) _____
(tríd an)(seirbhís) _____
(ar an)(ciorrú) _____
(ar an)(seirbhís) _____
(ar an)(ionad) _____
(faoin)(ciorrú) _____

Ceist 4 '…Tamhnach an tSalainn…'

1. *Mountcharles* an Béarla atá ar Thamhnach an tSalainn, ach cad is brí leis an leagan Gaeilge, dar leat? Pléigh do chuid tuairimí leis an duine in aice leat.

2. Cá bhfuil tú féin i do chónaí? Cad is brí leis an logainm sin?

Ceist 5 '…**ag cur as do** dhaoine…'

Tá a lán nathanna eile i nGaeilge a bhfuil an bhrí chéanna acu le *ag cur as do dhaoine*. Cad iad na cinn atá ar eolas agat féin?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo thíos leis an duine in aice leat nó leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An bhfuil go leor tuisceana ag an bpobal faoin uathachas, dar leat?

2. Cén réiteach atá ar fhadhb na heaspa airgid sna seirbhísí sláinte, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis don rang féachaint ar an mír uair amháin.

The HSE has apologised – Tá leithscéal gafa ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
cut back (in budget) – ciorrú
respite services – seirbhísí faoisimh
to recruit more staff – foireann bhreise a earcú
learning disability – míchumas foghlama
autism – uathachas
as far back as – chomh fada siar le
public representatives – ionadaithe poiblí
leaving (work) / retiring – ag éirí as
staff shortage – easpa foirne

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
A

(faoin)(ionad)	*faoin ionad*
(ag an)(am)	*ag an am*
(tríd an)(seirbhís)	*tríd an tseirbhís*
(ar an)(ciorrú)	*ar an chiorrú*
(ar an)(seirbhís)	*ar an tseirbhís*
(ar an)(ionad)	*ar an ionad*
(faoin)(ciorrú)	*faoin chiorrú*

B.

(faoin)(ionad)	*faoin ionad*
(ag an)(am)	*ag an am*
(tríd an)(seirbhís)	*tríd an tseirbhís*
(ar an)(ciorrú)	*ar an gciorrú*
(ar an)(seirbhís)	*ar an tseirbhís*
(ar an)(ionad)	*ar an ionad*
(faoin)(ciorrú)	*faoin gciorrú*

Ceist 4
Tamhnach – field or grassy upland
an tSalainn – salty, of salt

Tabhair deis do na foghlaimeoirí a machnamh a dhéanamh ar bhrí ainm na háite ina bhfuil siad féin ina gcónaí.

Ceist 5
- cuir isteach ar dhuine
- cuir imní ar dhuine
- cuir (duine) trína chéile
- olc a chur ar dhuine
- duine a chur soir le rud

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin an cheist a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá leithscéal gafa ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoin gciorrú atá déanta ar sheirbhísí faoisimh in Ionad Seaview i dTamhnach an tSalainn, i gCo Dhún na nGall. Deir siad go bhfuil siad ar a ndícheall ag iarraidh foireann bhreise a earcú le teacht in áit daoine atá tar éis éirí as agus le saoire a chlúdach. Níl an t-ionad oscailte anois ach trí oíche sa tseachtain.

Ailbhe Ó Monacháin
Cuireann Ionad Seaview, anseo i dTamhnach an tSalainn, seirbhísí faoisimh ar fáil do theaghlaigh a bhfuil páistí agus daoine fásta le míchumas foghlama agus uathachas orthu in iardheisceart Dhún na nGall.

Tá siad anseo ó bhí 2001 ann, ach ó bhí tús na bliana seo ann, tá an tseirbhís ciorraithe anois go dtí trí oíche sa tseachtain. Cuid den fhoireann a bheith ag dul ar saoire nó ag éirí as ba chúis leis seo, a deir an Fheidhmeannacht Sláinte.

Léiríodh imní faoin ionad seo chomh fada siar le mí Eanáir nuair a tharla ciorruithe ag an am sin. Dúirt Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go raibh sé i gceist acu trí phost a earcú fríd[1] an tSeirbhís Náisiúnta Earcaíochta, agus go raibh súil acu go mbeadh an tseirbhís iomlán ar ais seacht lá na seachtaine. Ach, ní sin an chuma atá ar rudaí anois.

Ní raibh teaghlaigh ag iarraidh labhairt ar an chiorrú inniu, ach deir ionadaithe poiblí go bhfuil an scéal ag cur as go mór do dhaoine atá ag brath ar an tseirbhís, agus go bhfuil 1.6 milliún de chiorrú déanta ar an ionad le hocht mbliana anuas.

Pearse Doherty TD, Sinn Féin
Is é an rud atá muidne ag iarraidh a ffáil amach ón Fheidhmeannacht Sláinte ná an bhfuil siad amuigh ansin ag cuardach daoine le dul isteach? Cad é atá déanta acu le bliain agus fios acu go raibh deacrachtaí foirne ann? Agus cén uair a bheas an tseirbhís go huile agus go hiomlán faoi[2] lánseol arís?

Ailbhe Ó Monacháin
I ráiteas ón Fheidhmeannacht Sláinte inniu, ghabh siad a leithscéal faoin chiorrú atá tarlaithe le cúpla mí anuas, de bharr saoire agus cuid den fhoireann a bheith ag éirí as. Deir siad gur thosaigh oibrí cúram sláinte úrnua ar an dara lá den mhí seo agus go bhfuil siad ag iarraidh foireann bhreise a earcú chomh luath agus a thig leo. Deir siad go dtuigeann siad an dóigh a bhfuil an easpa foirne ag cur as do theaghlaigh atá ag brath ar an tseirbhís, ach go bhfuil súil acu seirbhís lánaimseartha a bheith ar fáil chomh luath agus is féidir.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4 i dTamhnach an tSalainn, Co Dhún na nGall.

[1] *tríd* an leagan caighdeánach
[2] *ar* a deirtear